

Maidir le Achtanna na gCuideachtaí 1963-2009 agus maidir le Cuideachta agus maidir le iarratas faoi Alt 371 d'Acht na gcuideachtaí 1963, árna leasú Idir an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach AGUS Cuideachta, agus triúr Stiúrthóirí na gCuideachta.

**Ionad Coinne:**

Ard-Chúirt, Baile Átha Cliath.

**Breitheamh:**

Breitheamh Mary Laffoy Uasal

**An Iarratas:** Faoi Alt 371 d'Acht na gCuideachtaí 1963 (árna leasú) ("Alt 371") (agus faoi Alt 383(3) d'Acht na gCuideachtaí 1963, árna leasú, sa mhéid is ata an triúr stiúrthóirí cuideachta i gceist) d'iarr an Stiúrthóir inter alia, na Orduithe a leanas:-

1. Ordú ag díriú na Freagróirí a mainneachtain a shlánú faoi :-
  - (a) Alt 145 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, árna leasú, tabhairt ar aird lena scrúdú Leabhair Miontuairscí na Cuideachta ar feadh tréimhse sonraithe agus saoráidí cigireachta agus cóip a dhéanamh de innearcha na Leabhair Miontuairscí a sholáthair don Stiúrthóir; agus
  - (b) Alt 119 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, árna leasú, tabhairt ar aird lena scrúdú Clár Comhaltaí na Cuideachta agus cóip den Clár Comhaltaí a thabhairt don Stiúrthóir; agus
  - (c) Alt 195 d'Acht na gCuideachtaí, 1963, árna leasú, tabhairt ar aird lena scrúdú Clár Stiúrthóraí agus Rúnaithe na Cuideachta agus cóip den Clár Stiúrthóraí agus Rúnaithe na Cuideachta a thabhairt don Stiúrthóir.
  
2. Ordú ag díriú na Freagróirí na Clárúithe réamhráite a chur chun data agus iad a choimeád ar bun leanúnach de réir a n-oibleagáidí faoi Altanna 195, 145, 119 agus 383(3) d'Acht na gCuideachtaí, 1963, árna leasú.

## **Toradh:**

Ar an 30ú Iúil, 2012, rinne an Ard Chúirt Ordú ar an toiliú sna téarmaí a leanas: -

1. Go scriostar amach na himeachtaí in aghaidh duine amháin dena Freagróirí gan Ordú.
2. Go cuirtear ar atráth go ginearálta na himeachtaí in aghaidh na Freagróirí eile AR COINNÍOLL DE na Gealltanais na Freagróirí don Chúirt a leanas:
  - (a) Gealltanais na Freagróirí (gach aon nó go léir) don Chúirt oifig cláraithe an Cuideachta, a mbeidh ina oifig feidhmiú, a choinneáil i gcónaí sa todhchaí agus ar bun leanúnach ag seoladh sa Stáit agus é a bheith ar oscailt i rith gnáth-uaire oibre, ina coimeádtar na clár stiúrthóraí agus rúnaithe agus comhaltaí an Chuideachta agus leabhair miontuairiscí agus leabhair agus clár eile riachtanas reachtúil agus ina bhfuil le fáil saoraidí scrúdú agus fótachóipeala feidhmithe, agus go féidir gach cumarsáid agus fógra don Cuideachta agus a stiúrthóirí a sheoladh;
  - (b) Gealltanais na Freagróirí (gach aon nó go léir) don Chúirt i gcónaí sa todhchaí agus ar bun leanúnach Leabhair Miontuairiscí na Cuideachta a choinneáil, a chur chun dáta agus a thabhairt ar aird lena scrúdú agus saoraidí scrúdú agus fótachóipeala innearcha na Leabhair Miontuairiscí sin a sholáthair do gach pairtí i dteideal na Leabhair Miontuairiscí a scrúdú agus a cóipeanna díobh a dhéanamh, de réir forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009 agus leasuithe orthu (i ndiaidh seo “na hAchtanna”);
  - (c) Gealltanais na Freagróirí (gach aon nó go léir) don Chúirt i gcónaí sa todhchaí agus ar bun leanúnach Clár Comhaltaí na Cuideachta a choinneáil, a chur chun dáta agus a thabhairt ar aird lena scrúdú agus cóip den Clár Comhaltaí a thabhairt do gach pairtí i dteideal scrúdú mar sin a dhéanamh agus cóipeanna mar sin a fháil de réir forálacha na hAchtanna;

- (d) Gealltanais na Freagróirí (gach aon nó go léir) don Chúirt i gcónaí sa todhchaí agus ar bun leanúnach Clár Stiúirthóirí agus Rúnaithe na Cuideachta a choinneál, a chur chun dáta agus a thabhairt ar aird lena scrúdú agus cóip den Clár Stiúirthóirí agus Rúnaithe a thabhairt do gach páirtí i dteideal scrúdú mar sin a dhéanamh agus cóipeanna mar sin a fháil, agus cinntiú go bhfuil sa Clár Stiúirthóirí agus Rúnaithe sin gach sonraí riachtanas reachtúil agus de réir forálacha na hAchtanna;
- (e) Gealltanais na Freagróirí (gach aon nó go léir) don Chúirt go cuirfear faoi deara gach bliain go tionólfar an Cuideachta cruinniú ginearálta bliantúil (“CGB”) agus nach ceadófar níos mó ná 15 mí a imeacht thart idir dáta CGB amháin agus an céad eile agus go cuirfear faoi deara go tionólfaidh an Cuideachta chomh luath agus is féidir ach i rith 2012 an CGB don bhliain 2012 agus an CGB a thionól de réir riachtanais Achtanna na gCuideachtaí, agus i gcás meannachtain tionólfaidh an Stiúirthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach CGB an Cuideachta;
- (f) Gealltanais na Freagróirí (gach aon nó go léir) don Chúirt fógra iomcuí faoin CBG a thabhairt do gach páirtí i dteideal an fógra sin de réir forálacha Achtanna na gCuideachtaí riachtanais Alt 133 d’Acht na gCuideachtaí 1963 árna leasú san áireamh ach nach go heisiatach;
- (g) Gealltanais na Freagróirí (gach aon nó go léir) don Chúirt gach doiciméad riachtanas reachtúil a thabhairt do gach páirtí bainteach leis an Fógra CBG a áiríonn, ach nach go heisiatach, gach ráiteas airgeadais le leagfar faoi bhráid an CBG, an CGB a thionól chomh luath agus is féidir a luaithe a bheidh na doiciméidí réidh, agus cloí le riachtanais Achtanna na gCuideachtaí maidir le tíoclacadh cuntas, tuairisceáin agus ráiteas airgeadais;
- (h) Gealltanais na Freagróirí (gach aon nó go léir) don Chúirt go cuirfear ar fail le haghaidh scrúdú do comhaltaí na Chuideachta gach agus aon ionstraim seachvótáilí agus iad a thaisceadh ag oifig cláraithe na Chuideachta atá ar

oscailt le linn uaireanta a chloig gnó 48 uair a chloig dá laghad roimh am tionól gach aon agus gach uile CBG ar a tograíonn an duine ainmnithe vótáil, nó, i gcás vótaíocht, nár lú nár 48 roimh an am atá leagtha amach do vótaíocht a thógáil agus mura ndéanfar ní mar bailí a dhearcfar an ionstraim seachvótáilí.

**AGUS** ní teorannaíodh i mbealach ar bith rud ar bith sna Geralltanais thuas aon oibleagáid reachtúil na Freagróirí bainteach.

3. Nach mbeidh Ordú maidir le costas; **AGUS**
4. **BEIDH** de chead ag an Stiúrthóir imeachtaí a iarraidh agus/nó ath-tosnú sa chás nach chomhlíontar le haon dena Gealltanais leagtha amach ag pointe 2 thuas.